

AN FILE A CUIREADH AMACH

Aon teach a dtiocfadh filidh isteach ann, le tús rátha an Gheimhridh, chaithfeadh sé rátha an Gheimhridh ann, mara gcuirthí amach le cainnt.

Bhí leath-amadán sa teach seo, ina bhuachaill aimsire. Bhí file ag déanamh ar an teach, bhí fear an tighe agus an buachaill amuich ag obair agus chonaiceadar an filidhe ag teach.

“Tá orainn é sin a thóigeál go gcaithear an geimhreadh.

“Is deas an donán a bhéas againn”.

“Ní aireochaidh tú a dhéanamh”, adeir an buachaill.

Nuair a tháinigeadar isteach trathnóna bhí an filidhe istigh rompab. Nuair a bhí a shuipéar ithte ag an bhfilidhe, tharraing sé anuas ag an teine. “Ba mhaith liomsa cois teineadh i mo shuidhe, píopa tobac a’m agus mug maith dighe”.

Séard adeir an leath-amadán “tusa dá ól agus mise dá íoc”,

“Tusa a bheidh shuas agus mise a bheith thíos”.

“Tá mé amuich”, adeir an filidhe agus ní bhfuair sé ach loistín na hoidhche.

3/10/32.